www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**2011**

| Uimhir Lárionaid | |
|---|---|
| 71 | |

| Uimhir Iarrthóra |
|---|
| |

# Bitheolaíocht

## Aonad Measúnaithe AS 2

*ag measúnú*

## Orgánaigh agus Bithéagsúlacht

**[AB121]**

**DÉ CÉADAOIN 22 MEITHEAMH, MAIDIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa cheistpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **hocht** gceist.
Cuirtear **Grianghraf 2.3** ar fáil duit le húsáid le Ceist 3 sa pháipéar seo.
Ná scríobh do fhreagraí ar an ghrianghraf.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 75 an marc iomlán don pháipéar seo.
Tá 60 marc ag dul do Roinn A.
Tá 15 mharc ag dul do Roinn B.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Cuirtear i gcuimhne duit go gcaithfidh tú Gaeilge mhaith agus cur i láthair soiléir a úsáid sna freagraí agat.
Úsáid téarmaíocht eolaíoch chruinn sna freagraí uile.
Ba chóir duit tuairim is **20 nóiméad** a chaitheamh ar Roinn B.
Glactar leis go bhfreagróidh tú Roinn B i bprós leanúnach.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i **Roinn B** agus beidh 2 mharc ar a mhéad ag dul dó.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |

| Marc Iomlán | |
|---|---|

www.xtrapapers.com

LEATHANACH BÁN

www.xtrapapers.com

# Roinn A

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**1** Cuir síos ar an dóigh a mbíonn malartú gáis á éascú i scamhóga mamaigh.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________


____________________________________________________________________ [3]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

**2** Is feamainn choitianta í feamainn bhoilgíneach (*Fucus vesiculosus*) ar mhórchuid na gcladach carraigeach i dTuaisceart Éireann.

**(a)** I bhfiosrúchán ar dháileadh feamainne boilgíní ar chladach carraigeach, cuireadh cuadraithe ag suímh ar leith. Taispeánann an léaráid thíos na limistéir i gcuadraí amháin mar a raibh feamainn bhoilgíneach. Bhí sreanga in úsáid leis an chuadraí a roinnt ina chearnóga is lú.




Faigh an céatadán de chumhdach feamainne boilgíní sa chuadraí. Mínigh an dóigh a bhfuair tú do fhreagra.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

**(b)** Ní feamainn bhoilgíneach amháin a bhí ar an chladach charraigeach san fhiosrúchán, bhí ceithre speiceas eile d'fheamainn ann chomh maith. Mínigh an dóigh a bhfiosrófá dáileadh na bhfeamnach ar an chladach charraigeach lena fháil amach an bhfuil siad oiriúnaithe do chriosanna ar leith den chladach.

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

____________________ [4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

www.xtrapapers.com

3 Is fótaimicreagraf é **Grianghraf 2.3** de chuid de thrasghearradh trí fhréamh fearbáin (*Ranunculus*).

Sa spás thíos, tarraing bloclēaráid a thaispeánfaidh na cisil fhíocháin sa fhréamh mar atá siad á léiriú sa ghrianghraf. Lipéadaigh an léaráid le **ceithre** struchtúr ar a laghad a shainaithint.

[9]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** Is crann de bhunús na Meánmhara é an Dair thoilm (*Quercus ilex*) a tugadh isteach go hÉirinn le linn an 16ú haois.

**(a)** Tá cúitineach tiubh céiriúil i nduilleog na Darach toilm. Cad é a chuireann sé seo in iúl faoina hoiriúnú d'aeráid na Meánmhara? Mínigh do réasúnú.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

Níl ach dhá speiceas d'fheithidí a bhíonn á gcothú féin ar dhuilleoga na Darach toilm agus is larbhaí leamhan an dá cheann acu. Taispeánann an tábla thíos sonraí ar a fhlúirsí atá na feithidí seo i gcoill de Dharacha toilm.

| Feithid a bhíonn á cothú féin ar Dhair thoilm | Líon na bhfeithidí |
|---|---|
| Larbhaí leamhain mhianadóireacht duilleoige na Darach toilm (*Phyllonorycter messaniella*) | 526 |
| Larbhaí leamhain Lacky (*Malacosoma neustrium*) | 371 |

**(b)** Ríomh an luach d'Innéacs Éagsúlachta Simpson (D) don Dair thoilm. Is í an fhoirmle le D a ríomh ná:

$$D = \frac{\sum n_i(n_i - 1)}{N(N - 1)}$$

an áit a bhfuil $n_i$ = líon iomlán na n-orgánach de gach speiceas ar leith.
N = líon iomlán na n-orgánach de na speicis uile.
(Taispeáin do chuid oibre.)

[2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Bíonn larbhaí an leamhain Lacky ag innilt ar chiumhaiseanna na nduilleog. Ach bíonn larbhaí an leamhain mianadóireachta á gcothú féin go hinmheánach ar an mhéisifill (i ndiaidh dóibh ubh a chur sa chuid inmhéanach den duilleog) agus deirtear, mar sin, go ndéanann siad "mianadóireacht" ar an duilleog.

**(c)** An ubh a chur taobh istigh den duilleog, cén dóigh, dar leat, a gcuidíonn sé seo le larbhaí mianadóireachta na duilleoige fanacht beo?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [2]

Sa tábla thíos luaitear an líon de na speicis feithide a bhfuil baint acu le crainn dhuillsilteacha agus le crainn bhuaircíneacha áirithe in Éirinn. Tá dhá cheann de na crainn dhuillsilteacha dúchasach d'Éirinn agus tugadh an dá cheann eile isteach.

| Crann | Cineál | An líon de na speicis feithide |
|---|---|---|
| Dair ghaelach (*Quercus petraea*) | dúchasach duillsilteach | 284 |
| Beith (*Betula pendula*) | dúchasach duillsilteach | 229 |
| Feá (*Fagus sylvatica*) | duillsilteach a tugadh isteach | 64 |
| Seiceamóir (*Acer pseudoplatanus*) | duillsilteach a tugadh isteach | 15 |
| Péine (*Pinus sylvestris*) | buaircíneach | 91 |
| Iúr (*Taxus baccata*) | buaircíneach | 4 |

**(d)** Cé acu crann, dar leat, ag a mbeadh an luach is airde d'Innéacs Simpson (D)? Mínigh an réasúnú agat.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

**(e)** Cén speiceas crainn, dar leat, is cóir a chur i gcoillearnach nua le bithéagsúlacht a mhéadú? Mínigh an réasúnú agat.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________


______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

www.xtrapapers.com

**5** Sa ghraf thíos taispeántar cuair dhíthiomsaithe ocsaigine don haemaglóibin ó 3 mhamach dhifriúla.




| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(a)** Cé acu mamach is mó a bhfuil finíocht ag a chuid haemaglóibine le hocsaigin? Mínigh do réasúnú.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

**(b)** Is airde an ráta meitibileach atá ag an luch ná mar atá ag ceachtar acu an madra agus an eilifint. Mínigh an dóigh a bhfuil haemaglóibin luiche oiriúnaithe le ráta meitibileach ard a choinneáil.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Beidh éifeacht ag páirtbhrú dé-ocsaíd carbóin ar chuar díthiomsaithe na hocsaigine do haemaglóibin.

**(i)** Sceitseáil, ar an ghraf, cuar díthiomsaithe na hocsaigine a mbeifeá ag súil leis do haemaglóibin madra nuair atá $ppCO_2$ méadaithe. [1]

**(ii)** Cé na tosca faoina méadódh an $ppCO_2$ i madra?

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

**(iii)** Mínigh an buntáiste a bhaineann leis an éifeacht ar cuireadh síos uirthi.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

**6** Léigh an sliocht thíos agus bain úsáid ansin as an fhaisnéis atá ann, agus as do thuiscint féin, leis na ceisteanna a leanann a fhreagairt.

Is ulchabhán bán é an scréachóg reilige, *Tyto alba*, atá inaithinte ar an toirt agus a chónaíonn de ghnáth ar ísealchríocha feirme measctha mar a mbíonn sé á chothú féin ar mhamaigh bheaga a dtagann sé orthu i bhféarthailte garbha feadh ciumhais páirce, ar bhóithre, i mbruach abhann, in imeall coille agus thart ar fhoirgnimh fheirme. I dTuaisceart Éireann, bíonn sé á chothú féin de ghnáth ar lucha, ar dhallóga fraoigh agus ar fhrancaigh óga. Néadaíonn sé i bhfoirgnimh, i gcrainn tholla aibí agus i scáintí carraige. Bainfidh sé úsáid as boscaí neide chomh maith.

Tá meathlú mór ar líon na scréachóg reilige sa Bhreatain agus in Éirinn ó na 1930í. I dTuaisceart Éireann síltear go raibh meathlú de 69% uirthi idir 1932 agus 1985. I dTuaisceart Éireann sa lá atá inniu ann síltear go bhfuil idir 45–65 péire sa phobal acu. Bíonn an pobal soghonta agus scaipthe i gcónaí.

Tuigtear go maith cad iad na tosca atá ina gcúis leis an mheathlú: achar an fhéarthalaimh ghairbh a bheith laghdaithe, falta sceach á gcailleadh, báisteach throm leanúnach agus tuilte ann níos minice, suímh fhóirsteanacha neide agus fara á gcailleadh, agus ceimiricídí in úsáid go forleathan. Ar na guaiseacha eile faigheann siad bás ar bhóthar agus báitear iad in umair uisce ar thalamh feirme. Sa chás deiridh seo, bíonn na héin á ní féin le seadáin a bhaint díobh agus má thiteann siad isteach éiríonn an chluimhreach bhog leathbháite go gasta.

**(a)** Sa tábla thíos taispeántar an rangú atá ag *Tyto alba*. Comhlánaigh an tábla trí ainmneacha na 3 ghrúpa thacsanomaíocha atá ar iarraidh a chur isteach.

| | |
|---|---|
| Ríocht | Animalia |
| | Chordata |
| Aicme | Aves |
| | Strigiformes |
| Fine | Tytonidae |
| | *Tyto* |
| Speiceas | *alba* |

[3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**(b)** Mínigh an fáth a mbeadh na creimiricídí a úsáidtear le francaigh agus lucha a mharú chomh marfach sin do scréachóga reilige.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Is doiligh do scréachóga reilige bheith ag seilg in aimsir fhliuch leanúnach. Luaigh **dhá** fháth atá leis seo.

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(d)** Táthar i ndiaidh roinnt scéimeanna a dhearadh le dálaí fabhracha a chruthú faoina dtiocfadh feabhas ar líon na scréachóg reilige. Luaigh **3** straitéis a rachadh chun tairbhe do na scréachóga reilige.

1. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

3. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(e)** Cionn is go bhfuil pobal na scréachóg reilige beag agus scaipthe i dTuaisceart Éireann, tá contúirt go mbeidh ionphórú ann a fhágfaidh go gcaillfear éagsúlacht ghéiniteach. Mínigh an fáth a bhfuil éagsúlacht (athraitheacht) ghéiniteach tábhachtach do phobail.

______________________________________________

______________________________________________


______________________________________________

______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

7 Sa léaráid thíos léirítear radharc dromchla de chroí a thaispeánann na hartairí corónacha chomh maith le príomhfhuileadáin eile.




**(a)** **(i)** Ar an léaráid, lipéadaigh ceann amháin de na hartairí scamhógacha leis an litir **S**.

[1]

**(ii)** Sainaithin an fuileadán a n-éiríonn na hartairí corónacha as.

______________________________ [1]

Is féidir go dtarlóidh téacht – trombóis chorónach – de bharr *atheroma* bheith ag forbairt sna hartairí corónacha agus is féidir go dtarlóidh ionfharchtadh míocairdiach (taom croí) mar gheall ar an téacht.

**(b)** **(i)** Cuir síos ar ord na n-imeachtaí a fhágann go mbeidh *atheroma* ag forbairt sna hartairí corónacha.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [3]

www.xtrapapers.com

(ii) Mínigh an dóigh a dtarlódh ionfharchtadh míocairdiach mar gheall ar thrombóis sna hartairí corónacha.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Is le drugaí antaithéachtacha, amhail *warfarin* agus heipirin, a chóireáilítear othair atá so-ghabhálach i leith trombóise.

**(c)** **(i)** Cosc a chur ar tháirgeadh prótroimbine an fheidhm atá le *warfarin*, cé go dtógann sé tamall, tuairim is 3 lá. Ó do thuiscint féin ar théachtadh fola, mínigh cad chuige a gcuireann cóireáil *warfarin* cosc ar théachtadh fola.

______________________________________________


______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

**(ii)** Gníomhaíonn heipirin go gasta le téachtadh fola a chosc. Sa ghraf thíos taispeántar an éifeacht atá ag tiúchan heipirine ar am téachta samplaí fola.




Cuir síos ar an éifeacht a bhíonn ann as heipirin a chur le samplaí fola. Cad é a chuireann sé seo in iúl faoi thiúchan na heipirine a úsáidtear le hothair a chóireáil?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(iii)** Síltear go minic gurb é *warfarin* an chóireáil is fearr cionn is gur féidir é a ghlacadh sa bhéal. Beidh heipirin sa chéad chóireáil, áfach. Cad chuige, dar leat?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

www.xtrapapers.com

## Roinn B

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

*Tá 2 mharc ar a mhéad ag dul do chaighdeán na cumarsáide scríofa sa roinn seo.* [2]

**8** Scríobh cuntas ar na próisis a bhaineann le gluaiseacht uisce trí phlanda. Luaigh na rudaí seo a leanas sa chuntas.

- tógáil uisce isteach sa fhréamh agus tríd an fhréamh
- gluaiseacht an uisce tríd an ghas
- gluaiseacht an uisce tríd an duilleog agus amach as an duilleog

[13]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

www.xtrapapers.com


Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

www.xtrapapers.com

**Bitheolaíocht TGO Ard-Fhotheastas (AS)**
**Aonad Measúnaithe AS 2**
***ag measúnú* Orgánaigh agus Bithéagsúlacht**
**Samhradh 2011**

## Grianghraf 2.3

**(Le húsáid le Ceist 3)**



© Biodisc, Visuals Unlimited/Science Photo Library

AB121INS